



'Gaeilge na hArdteiste', Clár 3

RTÉ Raidió na Gaeltachta, 3 Márta 2015

Béaltriall Shamplach i gCanúint Chonnacht

Sa sampla seo, is as Cúige Chonnacht don dalta. Moltar duit éisteacht leis an bpodchraoladh MP3 atá ar fáil in éineacht leis an scríbhinn seo ag <http://www.rte.ie/rnag/gaeilge-na-hardteiste/>.

Tabharfar faoi deara na 'baoití' i gcaint an iarrthóra, atá aibhsithe *i gcló iodáileach* anseo sa téacs. Déanann an t-iarrthóir iarracht an comhrá a stiúradh i dtreo na n-ábhar atá ullmhaithe aige. Feicfidh sibh go nglacann an scrúdaitheoir leis an gcuireadh.

Scrúdaitheoir: Dia duit

Iarrthóir (Dalta): Dia's Muire duit.

Suigh síos ar do chompord ansin?

Go raibh míle maith agat.

Agus cén chaoi a bhfuil tú féin?

Go maith.

Agus cén t-ainm atá ort?

Pádraig Ó Conghaile an t-ainm atá orm.

Agus a Phádraig, cén seoladh baile atá agat?

Uimhir a naoi déag, Bóthar na Mine, Bóthar na Trá, Gaillimh

Go breá ar fad. Cén dáta breithe atá agat?

Rugadh mé ar an gcéad lá de mhí Lúnasa, míle naoi gcéad is a naocha seacht.

Agus cén aois anois thú mar sin?

Tá mé seacht mbliana déag d'aois.

Agus a Phádraig, cén scrúduimhir atá agat?

A trí, a trí, a náid, a hocht, a ceathair, a dó an uimhir scrúdaithe atá agam.

An-mhaith ar fad. Anois feicim go bhfuil na dánta ansin agat. Ba mhaith liom dá ndéanfá aithris dom ar an dán, An tEarrach Thiar, le do thoil, a Phádraig. Is leor véarsaí a haon is a dó.

Ceart go leor, mar sin.

An tEarrach Thiar, le Máirtín Ó Direáin

Fear ag glanadh cré

De ghimseán spáide

Sa gciúnas shéimh

I mbrothall lae

Binn an fhuaim

San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh

Cliabh dhá dhroim

Is an fheamainn dhearg

Ag lonrú

I dtaitneamh gréine

Ar dhurling bháin.

Niamhrach an radharc


San Earrach thiar.

Thar cionn ar fad. Gabhfaidh muid ar aghaidh anois go dtí na pictiúir. Roghnóidh mise ceann anois go randamach.

Seo duit, a Phádraig, agus tá tríocha soicind nó mar sin agat chun ullmhúchán a dhéanamh.

Anois a Phádraig, inis dom faoina bhfuil le feiceáil agat sa tsraith pictiúr sin.

Ag Téacsáil sa Rang



Ag Téacsáil sa Rang.

Bhí na daltaí sa rang matamaitice. Bhí siad ar fad ag éisteach leis an múinteoir ach amháin Éamonn de Brún.

Fuair sé téacs óna chara Liam. Cóisir ar an Aoine i mo theach-sa – tuismitheoirí imithe.

Rug Bean Uí Loideáin ar Éamonn. Bhí sí spréachta.

Bhí ar Éamonn dul go dtí oifig an phríomhoide. Bhí rialacha na scoile briste aige. Dúirt an príomhoide, Bean Uí Mhurchú nár thaispeáin Éamonn meas ar a mhúinteoir agus go raibh sé ag cur isteach ar an obair ranga. Sea, thuig Éamonn go raibh sé i dtrioblóid mhór agus thuig sé freisin gur amadán a bhí ann.

Chuir an príomhoide glaoch gutháin ar mháthair Éamoinn. Baineadh geit mhór aisti agus d'iarr an príomhoide uirthi teacht isteach chun labhairt faoin scéal.

Tugadh íde béil d'Éamonn istigh in oifig an phríomhoide. Labhair an príomhoide faoi rialacha na scoile agus faoi thábhacht an dea-shampla. Dúirt a mháthair leis go raibh sí míshásta leis agus nach raibh sé ag obair, go mbeadh scrúduithe aige go luath agus gur cheart dó foghlaim ón eachtra seo. Dúirt Éamonn nach raibh leithscéal ar bith aige agus go raibh brón mór air. Chuir an príomhoide ar fionraí trí lá é.

Maith an fear, a Phádraig. Cuirfidh tusa anois trí cheist ormsa i dtaobh na heachtra seo.

Maith go leor. Cén rang a bhí ar siúl nuair a tharla an eachtra?

An rang matamaitice.

Ceart, agus cén téacs a fuair Éamonn ar a fhón póca?

'Cóisir ... Aoine ... tuismitheoirí imithe' an téacs a fuair sé.

Agus an tríú ceist: Cén fáth a raibh an múinteoir matamaitice spréachta leis.

Mar ní raibh Éamonn ag éisteach léi agus chuir sé isteach ar obair an ranga chomh maith.

An-fhear a Phádraig. Cuirfidh mise trí cheist ortsa anois.

Ar baineadh geit mhór as máthair Éamoinn nuair a chuala sí faoin eachtra.

Baineadh. Níor chreid sí ar dtús é. Seans maith nach raibh Éamonn i dtrioblóid riamh cheana.

Maith thú! Céard a tharla in oifig an phríomhoide nuair a tháinig a mháthair isteach?

Fuair sé íde béil óna mháthair. Labhair an príomhoide leis faoi rialacha na scoile agus faoin dea-shampla.

Go breá ar fad – agus an cheist dheireanach. Cén pionós a chuir an príomhoide ar Éamonn?

Chuir sí ar fionraí é ar feadh trí lá.

Go han-mhaith ar fad. Anois a Phádraig, bí ag caint liom anois faoi do mhuintir.

Cúigear atá i mo theaghlach: mo mháthair, m'athair, mo dheirfiúr Áine, mo dheartháir Fiachra agus mé féin. Is mise an duine is sine agus is é Fiachra an duine is óige. Níl sé ach deich mbliana d'aois.

Níl peata ar bith agaibh, an bhfuil?

Ó, tá cat agus mada againn. Tíogar an t-ainm atá ar an gcat agus Dílis an t-ainm atá ar an mada. Tugaim amach ag siúl é ar an bpromanáid i mBóthar na Trá. *Tá an t-ádh orm a bheith i mo chónaí in áit chomh hálainn le Bóthar na Trá.*

Cén fáth a ndeir tú é sin, a Phádraig?

Bhuel, mar is léir ón logainm, tá an ceantar seo suite in aice na farráige. Is ceantar mór turasóireachta é Bóthar na Trá. Tá neart óstán, tithe aíochta, tithe ósta agus siopaí difriúla againn agus tá na seirbhísí iompair thar cionn. Bíonn bus le fáil isteach go dtí lár na cathrach gach fiche nóiméad. *Ó is beag nach ndearna mé dearmad ar na háiseanna spóirt atá againn. Tá cumann leadóige, páirceanna imeartha, ionad siamsaíochta Leisureland agus cúrsa gailf ocht bpoll déag. Is aoibhinn liom féin an galf.*

An mar sin é a Phádraig? Cén uair a thosaigh tú ag imirt den chéad uair?

Ní raibh mé ach naoi mbliana d'aois. M'athair a thug amach mé.

Agus cén chaoi ar éirigh leat?

Ó bhí mé go dona ar fad. Theip orm an liathróid a bhualadh díreach, arís is arís eile. Thosaigh mé ag caoineadh faoi dheireadh agus thug m'athair abhaile mé.

Ach ar tháinig feabhas ort ansin?

Tháinig, Fuair mé ceachtanna gailf ó chóitseálaí proifisiúnta. D'fhoghlaim mé cén chaoi breith i gceart ar an maide gailf agus go leor teicníochtaí eile. Inmrím ar son Chumann Gailf Bhóthar na Trá.

Ach an mbíonn drochlaethanta fós agat i mbun imeartha?

D'fhéadfá a rá go mbíonn! Bíonn frustrachas mór orm ó am go ham nuair a theipeann orm scór maith a bhaint amach, ach tarlaíonn sé seo fiú amháin do leithéidí Shane Lowry nó Rory McIlroy. *Is breá liom a bheith ag breathnú ar na comórtais ghailf ar an teilifís.*

Ach an mbíonn tú ag breathnú ar aon chlár eile seachas cláir spóirt?

Ó breathnaím ar an nuacht mar tá an-spéis agam i gcúrsaí reatha. *Ba mhaith liom a bheith i mo láithreoir teilifíse, nó b'fhéidir i m'iriseoir amach anseo, ach ní foláir dom pointí maithe a bhaint amach sna scrúduithe Ardeiste má tá mé chun slí bheatha den chineál sin a bheith agam.*

Maith thú! Cén cúrsa trí leibhéal a dhéanfaidh tú?

Tá go leor cúrsaí difriúla ar fáil a bhaineann le hiriseoireacht agus cúrsaí cumarsáide. B'fhéidir go ndéanfaidh mé an cúrsa ceithre bliana BA sa gCumarsáid atá ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh.

Agus cén áit a reachtáltar an cúrsa sin?

Reachtáltar in Áras Mháirtín Uí Chadhain é ar an gCeathrú Rua. Cúrsa iomlán trí mheán na Gaeilge atá ann.

Bhuel caithfidh mé a rá go bhfuil Gaeilge bhreá agat féin, bail ó Dhia ort.

Bhuel, is as Ros Muc do mo mháthair agus labhraíonn muid Gaeilge agus Béarla sa mbaile. Is as Londain Shasana do m'athair *agus téann muid sall go Londain ar saoire minic go leor. Is cathair álainn í Londain.*

Agus an mbeidh sibh ag dul ann an samhradh seo chugainn?

Beidh muid ag dul go Londain ag tús mhí Iúil ar feadh seachtaine *agus gabhfaimid ansin go Páras na Fraince ar feadh seachtaine eile. Ní raibh mé riamh i bPáras.*

Agus céard ba mhaith leat a fheiceáil agus tú i bPáras, a Phádraig?

Ba mhaith liom an Mona Lisa a fheiceáil. Tabharfaidh muid cuairt freisin ar an Tour Eiffel agus beidh muid ag dul ar thuras báid istoíche ar abhainn na Séine. *É sin ráite, tá mo mháthair beagáinín neirbhíseach faoin tsaoire seo.*

An bhfuil i ndáiríre? Cén fáth?

Maraíodh roinnt mhaith daoine i bPáras mí Eanáir na bliana seo. Ionsaithe sceimhlitheoireachta a bhí ann. Dream a raibh baint acu le Stát Ioslamach a rinne na hionsaithe seo ach tá slándáil mhaith i bhfeidhm anois ar fud na Fraince.

Nach bocht an scéal é a Phádraig go bhfuil daoine mar sin ann nach bhfuil meas acu ar bheatha an duine?

Is bocht, ach tá an t-ádh dearg orainn in Éirinn go bhfuil an tsíocháin i réim. Tá coimhlintí ar siúl ar fud na cruinne: sa tSiria, san Iaráic, san Afraic agus in áiteanna eile nach iad. Maraítear daoine gan trua gan trócaire gach lá sna tíortha atá luaite agam.

Feicim go mbíonn tú ag breathnú ar an nuaíocht mar a dúirt tú liom ní ba luaithe. Dála an scéil a Phádraig, gabhadh agus maraíodh roinnt mhaith iriseoirí a bhí ag obair sna tíortha sin. Ar mhaith leat a bheith ag obair mar iriseoir sna bólaí sin.

Ó níor mhaith liom. B'fhearr liom a bheith ag obair mar iriseoir in Éirinn, nó fiú mar léitheoir nuachta le TG4.

An dóigh leat gur stáisiún maith teilifíse é TG4?

Bhuel sílimse gur stáisiún den scoth é. Déanann TG4 clúdach ar pheil is iománaíocht na gclubanna. Bíonn clúdach freisin ar an Tour de France agus ar Chomórtas Leadóige Wimbledon. Bím féin ag breathnú freisin ar Rugbaí Beo agus bíonn cláir faisnéise den scoth ar siúl freisin ar TG4. Bheinn an-bhródúil ar fad dá mbeinn ag obair le TG4.

Bhuel a Phádraig, feicim go bhfuil do chroí san iriseoireacht agat. Beidh mé ag breathnú ort lá breá éigin ar TG4 le cúnaimh Dé.

Tá súil agam go mbeidh, ach caithfidh mé torthaí maithe a fháil san Ardteist ar dtús.

Bhuel, guím gach rath ort san Ardteist, a Phádraig.

Go raibh míle maith agat.

Slán agat anois, a Phádraig.

Slán leat.